Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Feabhra 2020
(OR. en)

11033/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0147 (NLE)

AVIATION 155
CHINE 9
RELEX 700

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí |

**CINNEADH (AE) 2019/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an …(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/1152[1] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le gnéithe áirithe d'aershheirbhísí (an "Comhaontú") faoi réir é a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

(2) Is é is cuspóir leis an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haershheirbhísí idir 27 mBallstát agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE)2018/1152 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2018, maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le gnéithe áirithe d'aershheirbhísí (IO L 210, 21.8.2018, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (an "Comhaontú") a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.[+]

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Chomhaontú.[1]

---

[+] IO: Cuir doiciméad ST 9685/18 i gceangal leis seo, le do thoil.

[1] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*